



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE BAILE ÁTHA CLIATH
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007

CLÁR NA nÁBHAR	Page
Brollach – Focal ón bPropast	1
Gníomhaíochtaí an Choláiste	
1 Réamhrá	3
2 Forbairtí Acadúla	
Athstruchtúró Acadúil	3
Modúlú agus Struchtúr na Bliana Acadúla	3
Ciste don Nuálaíocht Straitéiseach	3
Rátálacha Ollscoile an Domhain - THES	3
Ionad Acadúil Leighis Choláiste na Tríonóide	4
3 Cúrsaí Oideachais	
Na Mic Léinn	4
Staitisticí maidir le hIontrálacha/	
Taispeántóirí Iontrála	4
Scoláireachtaí	4
An Curaclam – Cúrsaí Nua	4
Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha	
agus Boinn Óir	5
Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide	5
Gradaim Teagaisc an Phropaist	7
Ceapacháin Acadúla	8
4 Cáilíocht	8
5 Toghchán an tSeanaid	8
6 Gníomhaíochtaí Taighde	
Téamaí Taighde	8
Maoiniú don Taighde	8
Tionscnaimh Thaighde Nua	9
Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile	9
Rath ar Thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide	
maidir le Scoláireachtaí agus Gradaim	11
7 Nuálaíocht agus Tráchtálú	
Maoin Intleachtúil	12
Comhoibriú idir an Ollscoil agus Tionscail	12
Cuideachtaí an Champais	12
Fiontraíocht agus Nuálaíocht	13
8 Clár um Fhorbairt Caipitil	
Tionscadail i gCrích	13
Tionscadail Tógála atá Beartaithe	15
Caomhnú Fuinnimh	16
9 Tiomsú Airgid	16
10 An Staid Airgeadais	17
11 Conclúid	19
Aguisín I	
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, don bhliain	
dar críoch 30 Meán Fómhair 2007	17
Aguisín II	
Clár Comhardaithe, don bhliain dar críoch	
30 Meán Fómhair 2007	19



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007

**Seo a leanas na baill a bhí ar Bhord Choláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath le linn na bliana acadúla 2006/07:**

Baill Ex-Officio

An Propast, An Dr John Hegarty (Cathaoirleach)
An Leas-Phropast, An tOllamh Ruth Byrne
Léachtóir Sinsearach, An tOllamh Colm Kearney
Cláraitheoir, An tOllamh David Dickson
Sparánaí, An tOllamh Clive Williams

Comhaltaí Tofa agus Comhollaimh

An tOllamh Nigel Biggar (2005-2010)
An tOllamh Werner Blau (2005-2008)
An tOllamh John Kelly (2005-2008)
An tOllamh Marina Lynch (2005-2010)
An tOllamh Jagdish Vij (2006-2010)
An tOllamh Eunan O'Halpin (2005-2008)
An tOllamh John Parnell (2005-2008)
An Dr Amanda Piesse (2005-2010)

Foireann Acadúil Tofa nach Comhaltaí iad

An Dr Andrew Butterfield (2005-2008)
Mary Coffey Uasal (2005-2008)
An Dr Alison Donnelly (2005-2010)
An Dr Eoin Mac Cárthaigh (2005-2010)
An Dr Donal O'Donovan (2005-2008)

Foireann Neamh-Acadúil Tofa

An tUasal Henry Kearns (2005-2010)
Mary Leahy Uasal (2005-2008)
An Dr Kieran J McGinley (2005-2008)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas Mhac Léinn na gCéimithe,
Ruth Pe Palileo Uasal (2006-2007)
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, an tUasal
David Quinn (2006-2007)
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, an tUasal
Robert Kearns (2006-2007)
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn,
Denise Keogh Uasal (2006-2007)

Baill Sheachtracha

An tUasal Brian Sweeney,
ainmnithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2005-2010)
Geraldine Clarke Uasal,
ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta (2005-2010)

Ag Freastal Ex-Officio

Rúnaí, An tUasal Michael Gleeson
Cisteoir, Grace Dempsey Uasal
Rúnaí Cúnta, Anne FitzGerald Uasal



Brollach



Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach staid an Choláiste agus leagann sí béim ar ár ngnóthachtáil le linn na bliana acadúla 2006/07.

Ainmníodh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i measc na 100 ollscoil is fearr ar domhan agus na 25 ollscoil Eorpach is fearr i rangú ollscoile domhanda Fhorlíonadh Ardoideachais an Irish Times. Bhain an Coláiste an 78ú háit amach sa rangú domhanda agus tá sé ar an gcéad ollscoil Éireannach a bhain áit amach i measc na 100 is fearr. Is é seo an rangú is airde a fuair an Coláiste riamh. Is éacht mór é rangú chomh hard leis seo d'ollscoil i dtír bheag, in iomaíocht go hidirnáisiúnta le hollscoileanna i bhfad níos mó agus le hacmhainní níos fearr.

Is é ár n-aidhm tógáil ar ár gclú mar an ollscoil is fearr in Éirinn agus is é ár n-uailmhian, mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2003-08, bheith i measc na n-ollscoileanna is fearr ar domhan. Tá ár dtosaíochtaí straitéiseacha ag teacht leis na luachanna acadúla is airde agus na spriocanna náisiúnta sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha.

Bhí bliain mhaith ag an gColáiste i 2006/07. Bhí sé fós ar an gcéad rogha ag mic léinn a bhain na torthaí is fearr amach san earnáil dara leibhéil. Bhí Coláiste na Tríonóide an-rathúil ag fáil maoiniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí taighde – tháinig fás maith arís ar ioncam chun tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí taighde go léir.

Mar an gcéanna le hollscoileanna Éireannacha eile, áfach, tá deacrachtaí móra ag an gColáiste maidir le maoiniú. Ceann de na dúshláin is mó don Choláiste ná éiginnteacht maidir le leibhéil mhaoiniúcháin sa todhchaí, go háirithe siocair tháscairí an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le tuilleadh laghdaithe iarbhrí i bpríomh-mhaoiniú an Stáit sna blianta amach anseo de bharr an laghdaithe atáthar ag dréim leis in airgeadas poiblí, in éineacht le Samhail Maoiniúcháin Athfhillteach nua an Údaráis um Ard-Oideachas. Níl an drochstaid airgeadais reatha inmhharthanach agus leagtar amach ceisteanna a bhaineann leis seo i Rannóg 10 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann iomlán an Choláiste, idir fhoireann acadúil, fhoireann riaracháin agus fhoireann tacaíochta, as a bhfuil bainte amach againn – ní thioctadh iad seo a bhaint amach gan a dtiomantas i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Taoiseach, leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus leis na hAirí Rialtais go léir – tá a dtacaíocht an-luachmhar. Tá an Coláiste faoi chomaoin chomh maith ag Bord agus Feidhmeannacht Fhondúireacht na Tríonóide, an tÚdarás um Ard-Oideachas, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, An Bord Taighde Sláinte, IRCHSS, IRCSET agus na gníomhaireachtaí agus daoine eile, idir phoiblí agus phríobháideach, a thug tacaíocht don Choláiste.



John Hegarty

John Hegarty,
Propast.





1. Réamhrá

Ba bhliain an-rathúil eile don Choláiste í an bhliain acadúil 2006/07:

- Ba é an Coláiste an t-aon Ollscoil sa Stát a ainmníodh i liosta de na céad Ollscoil is fearr ar domhan, sa 78ú háit, agus na 50 ollscoil Eorpach is fearr (sa 25ú háit) i rangú ollscoile domhanda i bhForlónadh Oideachais an Irish Times
- Fuair taighdeoirí Choláiste na Tríonóide ar fud na ndisciplíní go léir aitheantas idirnáisiúnta agus náisiúnta as a ngnóthachtálacha
- Ba é €70.6 milliún an t-iomlán (a bhí thar na bearta) a fuarthas i ndeontais taighde agus i gconarthaí
- Lean an Coláiste ar aghaidh ag mealladh na mac léinn is fearr ar éirigh leo san Ardteistiméireacht agus scrúduithe coibhéiseacha
- Faomhadh struchtúr acadúil nua do thrí dhámh
- Ceapadh dhá ollúnacht déag, agus b'Ollúnachtaí nuabhunaithe ceithre cinn díobh seo
- Bronnadh céim ar 4,121 mac léinn
- Tugadh isteach naoi gcúrsa nua iarchéime agus dhá chúrsa nua bunchéime
- Cuireadh 28 iarratas paitinne isteach
- Críochnaíodh an tionscadal tógála is mó sa Choláiste, an chéim dheireanach de Thionscadal an Chúinne Thoir Thuaidh, déanta suas d'institiúid Naughton agus an tIonad Spóirt.

2. Forbairtí Acadúla

2.1 Athstruchtúrú Acadúil

Chuir Coláiste na Tríonóide tús le clár athstruchtúraithe le linn na bliana acadúla 2005/06 tar éis 'Clár Oibre i gcomhair Athraithe'. I mí Iúil 2006, d'fhaomh an bord, i bprionsabal, do bhunú struchtúir acadúil chónascaigh le trí nó cúig bhraisle de Scoileanna ann chun dlárú suntasach cinnteoireachta agus buiséid a éascú do Scoileanna. Tar éis díospóireachta ar fud an Choláiste agus comhairleoireachta le linn Téarma Mhichíl 2006, d'fhaomh an Coláiste bunú samhla rialachais do thrí dhámh mar seo a leanas:

- Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta
- Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta
- Dámh na nEolaíochtaí Sláinte

Bunaíodh Grúpa Comhairleoireachta Athstruchtúrúcháin chun cur i bhfeidhm an struchtúir do thrí dhámh a éascú. I mí Iúil 2007, tar éis comhairleoireacht leathan ar fud an Choláiste, fuair an Bord moltaí an Ghrúpa : (i) Ról agus Freagracht Dhéin Dáimhe (ii) Gnáthaimh do Roghnú na nDéan Dáimhe (iii) Socruithe Buiséid do Dhámha nua (iv) Treoirphrionsabail do Rialachas nua Dáimhe (v) Oifig Dáimhe nua agus (vi) Leasú ar Lárbhainistíocht agus ar Riarachán agus ar Sheirbhís Tacaíochta.

2.2 Modúlú agus Struchtúr na Bliana Acadúla

Chuir Grúpa Oibre ar Mhodúlú agus Struchtúr na Bliana Acadúla, a bunaíodh chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcás i bhfabhar agus in aghaidh ghlacadh struchtúr cúrsa modúlaithe agus/nó struchtúr bliana acadúla difriúil, tús le próiseas cumarsáide agus comhairliúcháin le pobal an Choláiste agus d'eisigh siad tuairisc i mí Aibreáin 2007. D'fhaomh an bord, i bprionsabal, struchtúr na bliana acadúla a beartaíodh, 'sé sin téarma Mhichíl dhá sheachtain déag ar fhad, Téarma na Féile Bríde dhá sheachtain déag ar fhad chomh maith, agus téarma na Tríonóide a bheadh caite ag ullmhú don phróiseas scrúdaithe agus an próiseas sin a stiúradh, a bheadh le teacht i bhfeidhm ón mbliain acadúil 2009/10, ar an gcomhthuiscint go gcuirfear togra eile maidir lena chur i ngníomh agus le sonraí bainteacha isteach le haghaidh faofa le linn na bliana acadúla 2007/08.

2.3 Ciste don Nuálaíocht Straitéiseach

Le linn mhí Iúil 2006, d'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas glao ar thograí le haghaidh maoiniúcháin faoin gCiste don Nuálaíocht Straitéiseach (CNS), arna bhunú ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Ba é seo an chéad ghlaio ar thograí agus bhí €42 milliún ar fáil le leithdháileadh.

Ba iad príomhspríocanna an CNS ná:

- seachadadh na bpríomhghníomhaíochtaí – oideachas agus taighde – a fheabhsú, trí chomhoibriú institiúide agus idir-institiúide éifeachtach cruthaitheach, lena n-áirítear, mar is gá, iarrachtaí athchóirithe agus cuíchóirithe oiriúnacha
- tacaíocht a thabhairt do bhearta cumasúcháin chun ullmhú do leathnú agus d'fhorbairt oideachais iarchéime (leathnú agus forbairt scoileanna céimithe san áireamh), lena n-áirítear comhoibriú in-institiúide agus idir-institiúide araon
- tacaíocht a thabhairt do nuálaíocht agus d'fheabhsú cáilíochta i dteagasc agus i bhfoghlaim, modhanna feabhsúcháin teagaisc san áireamh, chomh maith le hathchóiriú cláir, modúlú agus ríomhfhoghlaim
- tacaíocht a thabhairt do rochtain, do choinneáil agus do dhul chun cinn ag leibhéal institiúide indibhidiúil agus trí chomhoibriú idir-institiúide, earnála agus idir-earnála.

D'oibrigh Coláiste na Tríonóide i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh sa chéad chéim agus chuir an maoiniú a fuarthas go mór le dhá phríomhréimse fócais sa Choláiste (i) bainistíocht an athraithe/athchóiriú agus (ii) cumas 4ú Leibhéal a thógáil.

D'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas glao eile ar thograí faoi Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí Lúnasa 2007 le €130 milliún ar fáil le leithdháileadh. Chuir an Coláiste isteach tairiscint institiúide a dhírigh orthu seo a leanas (i) córais faisnéise (ii) méadú ar chumas 4ú Leibhéal (iii) leanúint ar aghaidh le hathchóiriú (v) feabhsú ar fhoghlaim (v) rannpháirtíocht a leathnú agus (vi) idirnáisiúnta.

2.4 Rátálacha Ollscoile an Domhain - THES

Ba é Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath an t-aon ollscoil sa Stát a ainmníodh i measc na gcéad ollscoil is fearr ar domhan



agus na 50 ollscoil is fearr san Eoraip i rátálacha ollscoile an domhain i bhForlónadh Ardoideachais an Irish Times 2006. Rangáíodh an Coláiste ag uimhir 78 sa domhan agus uimhir 25 san Eoraip.

Déanann rátálacha ollscoile THES na 200 ollscoil is fearr ar domhan a liostáil, measta ar athbhreithniú piara, an líon lua ag gach ball dáimhe, an cóimheas mic léinn le baill foirne agus an líon mac léinn agus ball foirne idirnáisiúnta.

Léiríonn feabhas leanúnach an Choláiste sna rátálacha ollscoile domhanda seo aitheantas leanúnach idirnáisiúnta ó scoláirí agus ó fhostóirí mar phríomhollscoil na hÉireann. Ba ghnóthachtáil shármhaith na rátálacha arda seo d'ollscoil i dtír bheag, in amaíocht go hidirnáisiúnta le hollscoileanna a bhfuil acmhainní i bhfad níos fearr acu agus atá níos mó.

2.5 Ionad Acadúil Leighis na Tríonóide

D'fhógair an Bord, i mí Iúil 2007, pleananna chun ardionad leighis cuimsitheach a bhunú, Ionad Acadúil Leighis na Tríonóide (IALT), i gcomhar lena phríomhospidéal teagaisc, Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí i dTamhlacht. Déanfaidh an IALT an cleachtas is fearr i gcúram othair a chomhshnaidhmeadh le taighde agus teagasc ceannródaíoch i samhail leighis singil rialachais bunaithe ar ionad cúraim shláinte den chéad scoth. Is tionscnamh nua radacach é an t-aonán comhtháite nua singil seo i gcomparáid leis an gceann reatha, ina soláthraíonn na trí institiúid na gníomhaíochtaí seo go leithleach, ag oibriú go neamhspleách ar a chéile.

3. Cúrsaí Oideachais

3.1 Na Mic Léinn

Tá mic léinn an Choláiste ilchineálach ó thaobh náisiúntachta, aicme shóisialta agus aoise de, agus tá ionadaí ina measc as gach contae in Éirinn agus as níos mó ná 85 tír.

San iomlán bhí 15,492 mac léinn bunchéime agus iarchéime cláraithe sa choláiste i 2006/07. Díobh seo, ba as tíortha san AE nach Éire iad 7% acu, tháinig 3% díobh ó Thuaisceart Éireann, ba as Meiriceá Thuaidh nó Láir a bhí 3% agus tháinig 3% ó pháirteanna eile den domhan.

Tá an Coláiste tiomanta leis an líon mac léinn neamhthraidisiúnta a nglactar leo ar chlár bhunchéime a mhéadú, iad sin ó chúlaí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch san áireamh, chomh maith le mic léinn lánfhásta. I 2006/07 rinne an Coláiste dul chun cinn maidir le baint amach na sprice 15% de chuótaí CAO a choinneáil do mhic léinn neamhthraidisiúnta. I 2006 ba 14% d'áiteanna CAO a thóg na mic léinn neamhthraidisiúnta suas. Ba mhic léinn lánfhásta iad seasca sé faoin gcéad de na mic léinn neamhthraidisiúnta a cláraíodh i 2006.

3.2 Staitisticí maidir le hIontrálacha/Taispeántóirí Iontrála

I 2006, mheall Coláiste na Tríonóide céatadán suntasach (11%) de na hiarratais chéad rogha sa chóras CAO.

Leanann an Coláiste ar aghaidh ag mealladh an lín is airde de mhic léinn leis an gcumas acadúil is fearr. Bronnadh 'Gradaim Taispeántais Iontrála' speisialta ar 535 mac léinn sa chéad bhliain. Fuair na mic léinn ar bronnadh na gradaim seo orthu 545 pointe nó níos mó (níos mó ná 6 ghrád A2) sa scrúdú Ardteistiméireachta nó scrúdú dara leibhéal coibhéiseach. Bhí ionadaithe ó 260 scoil, as 32 contae na hÉireann, i measc na mac léinn seo. As 50,955 iarrthóir Ardteistiméireachta CAO, bhain 1,691 amach 545 pointe nó níos mó agus roghnaigh thart ar 26% den ghrúpa cumasach seo Coláiste na Tríonóide chun a n-oideachas tríú leibhéal a fháil.

3.3 Scoláireachtaí



Chrissy Cleary, mac léinn le Luath-Ghaeilge agus Nua-Ghaeilge, ag ceiliúradh lena cairde nuair a bronnadh Scoláireacht uirthi

Le fada, tá Scoláireachtaí Fondúireachta agus Neamh-Fhondúireachta na Tríonóide ina léiriú ar ghnóthachtáil acadúil. Ag deireadh an dara bliain, (nó an tríú bliain i gcás mic léinn leighis) déanann mic léinn scrúdú speisialta agus bronnar scoláireacht orthu siúd a bhaineann céad onóracha amach, go ceann tréimhse suas go cúig bliana. I 2006/07, bronnadh na scoláireachtaí ardghradaim seo ar seachtó sé mac léinn ar Luan na Tríonóide 2007.

Tháinig faighteoirí na scoláireachtaí as gach dámh: Dámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí (10); Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta agus Daonna (14); Dámh na hInnealtóireachta agus na gCóras Eolaíochta (6); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (19); Dámh na hEolaíochta (14); agus cúrsa Ildáimhe (13).

3.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua Bunchéime agus Iarchéime

D'fhreagair an Coláiste d'fhorbairt eolais nua, treoracha nua i ndisciplíní agus nuálaíocht curaclaim chomh maith le riachtanais na mac léinn, atá ag athrú, agus deiseanna a bhí ag teacht chun cinn trí na cúrsaí seo a leanas a fhaomhadh do 2006:

Cúrsaí Bunchéime

Céim

Baitsiléir sa Chnámhseachas

B.Sc. san Altranais – Altranais Leanaí agus Altranais Ginearálta Comhtháite



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007

Cúrsaí Iarchéime

Céim

MSc i Síceolaíocht Fheidhmeach
M.Ed. (leasaithe)
MPhil i Litríocht Chomparáideach
Máistir sa Chúram Maolaitheach*
MSc in Eolaíocht an Néarchorais
MSc i dTeicnící Ceimiceacha agus Bitheolaíochta
Máistir i mBithéagsúlacht agus Caomhnú*

Dioplóma

Dioplóma Iarchéime i Síciteiripe Chognaíoch
Ard-Dioplóma in Altranais Leanaí

** D'fhaomh an Chomhairle na cúrsaí seo chóir dheireadh Théarma na Tríonóide 2005/06 agus ní raibh go leor ama ann dóthain mac léinn a earcú agus na cúrsaí a ullmhú le haghaidh seolta i 2006/07.*

Rinne an líon is mó mac léinn go dtí seo, (514, sin 95% de na 539 mac léinn a bhí cláraithe amháil an 16 Deireadh Fómhair 2006) na cúrsaí tras-dáimhe Curaclam Leathan a chríochnú ó seoladh tionscnamh an Churaclaim Leathain i 2002/03, le tacaíocht ó Mhaoiniú Síl ó Atlantic Philanthropies. Tharraing na trí chúrsa dhéag, a chlúdaíonn raon ábhar sna heolaíona, sna daonnachtaí, sna heolaíochtaí sóisialta agus sa domhaneolaíocht, mic léinn ó fhormhór chlár bhunchéime an Choláiste (taobh amuigh de na hEolaíochtaí Sláinte), 66 mac léinn a bhí ar cuairt ina measc. Tá na cúrsaí deartha chun fairsinge léitheoireachta a chur chun cinn ag leibhéal bunchéime chomh maith leis na cáilíochtaí atá inmhianaithe i gcéimí de chuid na Tríonóide.

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar phróiseas Bologna. Cuireadh tús le hathbhreithniú breise ar ualú creidiúna an Chórais Eorpaigh um Aistriú Creidiúna (ECTS) ag tús na bliana i gcomhthéacs cinnidh Chomhairle na hOllscoile i mí an Mheithimh 2006 caighdeánú a dhéanamh ar gach páirt/modúl de chúrsaí múinte bunchéime agus iarchéime in aonaid de 5 ECTS, nó iolraithe de 5 ECTS, ag teacht i bhfeidhm ó thús na bliana acadúla 2007/08. Bhí athchalabrú suntasach ar chúrsaí múinte bunchéime agus iarchéime ar fud an chórais i gceist leis seo, agus bhí ath-ualú ar bhlianta áirithe cúrsaí i gceist chomh maith chun samhail nua maoiniúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas a chur san áireamh. Cuireann an tsamhail seo teorainn le maoiniú do mhic léinn lánaimseartha ag 60 creidiúint ECTS sa bhliain, nó 90 creidiúint don mhórchuid de chlár máistreacht múinte. Tríd is tríd, b'athshainiú ar an méid creidiúna do mhodúil é seo agus athdearbhu ar struchtúir fhormhór na gcúrsaí.

3.5 Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir

Bronnadh 4,121 céim san iomlán (2,754 bunchéim agus 1,367 ardcéim) i 31 searmanas Bronnta le linn 2006.

Fuair trí chéad agus tríocha seacht mac léinn céad onóracha ag na scrúdaithe céime i 2006 agus bronnadh Boinn Óir ar 61 díobh seo. Bhí bronnadh na gcéimeanna onóracha ann ag na searmanais Bhronnta ar an 15 Nollaig 2006 agus an 6 Iúil 2007. Ag Searmanas Bronnta an Gheimhridh tugadh onóir do Neil Jordan, Peter Ndimbirwe Mugenyi agus Jean O'Hara. Ba iad Louise Asmal, Carol Bellamy, Gyan Johari, Nuala Ní Dhomhnaill, Mark Pigott agus

Sir Michael Rutter a fuair Céimeanna Oinigh ag Searmanas Bronnta an tSamhraidh.



An file Nuala Ní Dhomhnaill agus Louise Asmal, duine de bhunaitheoirí na Gluaiseachta Frith-Apartheid, beirt ar bronnadh Céim Oinigh orthu ag Bronnadh Céimeanna an tSamhraidh 2007

3.6 Clár Rochtana na Tríonóide

Is é Clár Rochtana na Tríonóide (CRT) ná raon tionscnamh atá dírithe ar ráta rannpháirtíochta dhaoine fásta óga agus mhic léinn lánfhásta ó ghrúpaí socheacnamaíochta faoi ghannionadaíocht a mhéadú ag an tríú leibhéal. Is léiriú é CRT ar chur i bhfeidhm mhisean sóisialta an Choláiste.



Mic léinn dara leibhéal ag glacadh páirte sa chéad Scoil Samhraidh CRT i 2007

Ní bheadh rath ar CRT ach an líonra atá ann de chomhpháirtíochtaí ardtáirgiúla scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlaigh, mic léinn, fhoireann na Tríonóide, gnóthaí, grúpaí pobail agus institiúidí Ardoideachais eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Faigheann CRT maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas trí mheán an Chiste Tionscnamh Straitéiseach, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó dhaoine aonair agus ó chorpáidí a dheonaíonn airgead. Tacaíonn na cistí seo leis na tionscnaimh seo a leanas:





GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007

- Na Cláir Bhunscoileanna agus Dhara Leibhéal
- Cúrsaí Ullmhúcháin Réamhollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Cúrsaí Comhpháirtíochta sna Saorealaíona: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár um Dhul Chun Cinn Iariontrála.

3.6.1 Cláir Bhunscoileanna agus Dhara Leibhéal

Nascann na Cláir Bhunscoileanna agus Dhara Leibhéal Coláiste na Tríonóide le scoileanna nach bhfuil aon traidisiún acu dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal, nó ar beag an traidisiún é más ann. Déantar nasc le 19 mbunscoil trí mheán na gClár Bunscoileanna agus Dara Leibhéal. Sa bhliain 2006/07 fuair CRT cuidiú ó 30 roinn Coláiste agus iad ag soláthar gníomhaíochtaí lena n-áirítear Clár um Thaiscéaladh Eolaíochta agus Matamaitice do dhaltai rang a sé agus an clár 'Take the Lead' do dhaltai rang a cúig. Nascann an Clár Dara Leibhéal Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le 20 iar-bhunscoil i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus féachann sé le líon na ndaltai a théann ar aghaidh chuig an tríú leibhéal a mhéadú, trí mheán raon tacaí for-rochtana. Ghlac meascán de 4,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt i ngníomhaíochtaí ar an gcampas sna Cláir Bhunscoileanna agus Dhara Leibhéal sa bhliain 2006/07.

3.6.2 Bonnchúrsa don Ardoideachas – Mic Léinn Lánfhásta

Seo bonnchúrsa a mhaireann ar feadh bliana, a fhéachann le gníomhú in aghaidh míbhuntáiste oideachasúil, agus chláraigh 26 mac léinn ar an gcúrsa sa tréimhse 2006/07. D'éirigh le mac léinn agus fiche an cúrsa seo a chur i gcrích ina iomláine agus bronnadh Teastas i mBonnleann an Ardoideachais orthu. Lean cúigear duine dhéag de na mic léinn go léir seo ar aghaidh chun cúrsaí Céime a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

3.6.3 Bonnchúrsa san Ardoideachas – Daoine Fásta Óga

Seo bonnchúrsa bliana a fhreastalaíonn ar dhaoine fásta óga (17-20 bliain d'aois) a bhfuil poitéinseal acadúil acu ach a bhfuil gá acu bliain bhreise oideachais a dhéanamh chun iad a ullmhú don tríú leibhéal. Cuireann na Mic Léinn seo isteach iarratas agus cáipéisí ag tacú leis an iarratas sin agus déantar iad a mheas d'fhonn a fháil amach cén leibhéal míbhuntáiste socheacnamaíoch ag a bhfuil siad. Sa bhliain 2006/07 chláraigh fiche seacht mac léinn ar an gcúrsa seo, agus d'éirigh le 25 díobh an cúrsa a chur i gcrích. D'imigh naonúr déag díobh ar aghaidh chun tabhairt faoi chlárí fochéime sa Tríonóid.

3.6.4 Bealach Rochtana trí mheán an Ardoideachais

Tá mic léinn ó scoileanna atá cleamnaithe le haon cheann d'oifigí rochtana Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh i dteideal cur isteach ar an mBealach Rochtana trí mheán an Ardoideachais. Dírionn an scéim orthu siúd, ar chúiseanna sóisialta agus eacnamaíochta éagsúla, atá faoi-ionadaithe ag an tríú leibhéal. Ní mór d'iarrthóirí na caighdeán

acadúla íosta a bhaint amach le haghaidh iontrála sa Tríonóid. Cibé scéal é, tá an leibhéal iontrála dóibh seo (i.e. pointí Ardteistiméireachta) níos ísle ná an leibhéal iontrála acadúil iomaíoch.

Ghlac ochtó trí mac léinn áiteanna ar an mBealach Rochtana trí mheán an Ardoideachais sa bhliain 2006. Glacadh le hochtó sé, ach chuir tríúr mac léinn a n-áiteanna siar.

3.6.5 Bonnchúrsa Comhpháirtíochta

Mar chuid d'iarrachtaí an Choláiste freastal ar an gcuóta 15% de mhic léinn neamhthraidisiúnta a bheith ar chlárí fochéime, rinneadh socrú le coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC) chun forbairt agus comhsholáthar a dhéanamh ar Chúrsa Ullmhúcháin Choláiste Saorealaíon le go mbeadh rochtain ann ar raon cúrsaí fochéime i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. D'éirigh leis na coláistí CDVEC, tacaíthe ag Coláiste na Tríonóide, idirbheartú le Comhairle na gCáiliúcháin Breisoideachais agus Oiliúna le go mbeadh creidiúnú ann laistigh den Chreatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta. D'imigh beirt mhac léinn déag ón scéim seo ar aghaidh chun cúrsaí fochéime a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 2006.

3.6.6 Clár Dul Chun Cinn Iar-iontrála

Cheap CRT raon tacaí iar-iontrála chun freastal ar riachtanais na mac léinn. Ina measc tá clár réamhollscoile dhá sheachtain, tacaíocht airgeadais agus phearsanta, teagasc breise, Ionad Acmhainne Scríbhneoireachta, Seomra Cúnaimh Matamaitice, an Stiúideo (ionad acmhainne foghlama), scéim tacaíochta cóiríochta agus ceardlanna athbhreithniúcháin dheireadh an téarma. Oibríonn CRT go dlúth le seirbhísí tacaíochta eile sa Choláiste lena n-áirítear an Leabharlann, Comhairleoireacht do Mhic Léinn, an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, Seirbhís Sláinte, Cóiríocht agus Seirbhís Ranganna Teagaisc chun a chinntiú go bhfuil an t-aistriú chuig an tríú leibhéal chomh mín réidh agus is féidir agus chun cuidiú le mic léinn CRT na cláir chéime a chur i gcrích go sásúil.

3.7 Gradaim Theagaisc an Phropaist



Mark Monahan, An Scoil Altranaís agus Cnáimhseachais, An Dr David Tombs, Scoil Éacúiméinice na hÉireann, agus An Dr. Eric Finch, Scoil na Fisice, ar bronnadh Gradaim Theagaisc 2006/07 an Phropaist orthu



Is iad Gradaim Theagaisc an Phropaist an príomhbhealach atá ag an gColáiste aitheantas a thabhairt do na baill foirne acadúla sin a rinne sárchion le sármhaitheas teagaisc i gColáiste na Tríonóide. Ba iad faighteoirí na ngradam 2006/07 ná: An Dr. Eric Finch, Scoil na Fisce, a fuair Gradam Gnóthachtála Saoil mar aitheantas ar a thiomantas leanúnach do shármhaitheas teagaisc agus a thionchar ar fhisic, sa Choláiste agus trína obair sheachtrach araon. Bronnadh Gradam Luathghairme ar an Uasal Mark Monahan, Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais as a thiomantas d'fhorbairt modhanna foghlama ó thaithí agus machnamhach in altranais síciatrach. Ba an Dr David Tombs, Scoil Éacúiméinice na hÉireann, an tríú duine a fuair gradam as ucht a shár-éacht scoláiríúil i leith na foghlama ar feadh an tsaoil agus na foghlama féin-stiúrtha i réimse léann an athmhuintearais.

3.8 Ceapacháin Acadúla

Ceapadh beirt déag chuig Ollúnachtaí sa bhliain 2006/07:

Ollúnachtaí Nuabhunaithe

Ollamh le Gnó Idirnáisiúnta agus Forbairt (2006) – an tOllamh Frank Barry
Ollamh le hEacnamaíocht agus Forbairt Airgeadais Idirnáisiúnta (2006) – an tOllamh Patrick Honohan
Ollamh le hIompar Comparáideach (2006) – an tOllamh Cliona O'Farrelly
Ollamh Thomas N Mitchell le hEolaíocht Néarchórais Chognaíoch (2006) – an tOllamh John O'Doherty

Ollúnachtaí Pearsanta Gairmiúla

Seachtrach

Ollúnacht Taighde le hInnealtóireacht Néarach (2007) – an tOllamh Richard Reilly

Inmheánach

An tOllamh John McGilp, Fisic
(Ollamh le hOptaic Dhromchla agus Chomhéadain)
An tOllamh Michael Marsh, Eolaíocht Pholaitiúil
(Ollamh le hIompar Comparáideach Polaitíochta)
An tOllamh Alan Matthews, Eacnamaíocht
(Ollamh le Polasaí Talmhaíochta na hEorpa)
An tOllamh Patrick Prendergast, Innealtóireacht Mheicniúil agus Déantúsaíochta (Ollamh le Bithinnealtóireacht)
An tOllamh Michael Rowan, Cógaseolaíocht & Treapeolaíocht
(Ollamh le Cógaseolaíocht Néarach)
An tOllamh Igor Shvets, Fisic, (Ollamh le Fisic Fheidhmeach)
An tOllamh Ken Benoit, Eolaíocht Pholaitiúil
(Ollamh leis na hEolaíochtaí Cairníochta Sóisialta)

Ina theannta sin, ceapadh beirt Léachtóirí Sinsearach agus 87 Léachtóir. Aithníonn Plean Straitéiseach an Choláiste 2003-2008 gurb é cáilíocht na foirne acadúla ceann de mhórláidreachtaí an Choláiste.

4. Cáilíocht

D'éascaigh an Oifig Cháilíochta athbhreithniúcháin cháilíochta

Scoil an Ghnó, Scoil na Matamaitice, agus Scoil na hOibre Sóisialta agus Beartas Sóisialach i 2006/07. Beartaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar an tSeirbhís Teagascóireachta agus Scoil na Ceimice don bhliain acadúil 2006/07, ach siocair deacrachtaí sceidealaithe, níor tharla na cuairteanna athbhreithniúcháin seo go dtí mí na Samhna 2007.

5. Toghchán an tSeanaid

Ba í Oifig Thoghcháin an tSeanaid, atá lonnaithe in Oifig an Alumni/an Phrócadóra, a stiúir an toghchán go Seanad Éireann i 2007. Eisíodh páipéir bhallóide, in éineacht le foirmeacha eile, chuig thart ar 48,880 toghthóir. Tharla an comhaireamh ar an 24 agus 25 Iúil 2007 agus reáchtáladh é de réir rialacháin shonracha atá le fáil in Acht Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile), 1937. Toghadh Ivana Catherine Bacik, LL.M., David Patrick Bernard Norris, M.A., agus Shane Peter Nathaniel Ross, B.A., mar ionadaithe Ollscoil Bhaile Átha Cliath i Seanad Éireann, 2007.

6. Gníomhaíochtaí Taighde

6.1 Téamaí Taighde

Cuimsíonn straitéis taighde na Tríonóide gach mórdhisciplín acadúil agus tá sí tiomanta do ghníomhaíochtaí taighde den scoth i mbunreimsí ar fud na n-ábhar seo a leanas: eolaíocht, innealtóireacht, eolaíochtaí sóisialta, leigheas agus na healaíona. Tá fócas straitéiseach an Choláiste ar chúig phríomhréimse – Comhtháthú Eorpach & Idirnáisiúnta, Cultúr & Ealaíona Cruthaitheacha, Ábhair & Córais Intleachta, Eolaíochtaí Bitheacha & Taighde Aistriúcháin agus Iompar, Fuinneamh & Comhshaol. I ngach réimse díobh seo tá gníomhaíochtaí suntasacha taighde ar siúl ag Coláiste na Tríonóide, ag tógáil ar bhunchloch idirdhisciplíneachta chun taighde a sheachadadh a bhfuil iarmhairt dhomhanda aige.

6.2 Maoiniú don Taighde

I 2006/07, d'éirigh go han-mhaith le Coláiste na Tríonóide ag fáil maoiniúcháin do ghníomhaíochtaí taighde. Tá fás ag teacht go leanúnach ar ioncam chun tacaíocht a thabhairt do gach gníomhaíocht taighde, agus ba é €70.6 milliún an méid a fuarthas sa bhliain seo, rud a léiríonn méadú suntasach ar 2005/06, nuair a bhí an figiúr sin ag €58 milliún. Tá an ranníocaíocht le costais neamhdhíreacha ó ghníomhaíocht taighde, áfach, níos lú ná an costas iomlán eacnamaíoch a bhaineann le hóstáil an taighde, agus siocair seo caithfear gníomhaíocht taighde a fhóirdheonú ón mbuiséad teagaisc. Níl sé seo inbhuanaithe.

Is é 1,552 an líon cuntas taighde, líon atá ar par leis an mbliain roimhe sin.

Le blianta beaga anuas, bogadh ar shiúl ó fhoinsí maoiniúcháin taighde an AE/eachtrannacha go foinsí Éireannacha, rud a bhí spreagtha go mór ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus tionscnaimh PRTL, maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachas. Mhaoinigh gníomhaíocht taighde 1,448 fostaí le linn 2006/07.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007

Foinse Mhaoiniúcháin Gníomhaíocht Taighde	An bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	44 %
Fiontraíocht Éireann/Bioresearch Ireland/PATS	5 %
An tÚdarás um Ard-Oideachas	12 %
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	8 %
Eile	31 %

6.3 Tionscnaimh Thaighde Nua

Tá mór-institiúidí agus ionaid taighde Choláiste na Tríonóide, i réimsí mar néar-eolaíocht, domhandú, imdhíoneolaíocht, míochain mhóilíní, naineolaíocht, teileachumarsáid agus Mol an tSeomra Fhada do na healaíona agus na daonnachtaí bunaithe go daingean i measc na gceannasaithe idirnáisiúnta ina réimsí.

Chomh maith le tionscnaimh thaighde leanúnacha Choláiste na Tríonóide sna réimsí seo, seoladh na tionscadail nua seo a leanas le linn 2006/07:

Tionscnamh Inimisce Choláiste na Tríonóide



An Propast John Hegarty, Príomhstiúthóir IBEC, Turlough O'Sullivan agus Olabomi Ogundéji, An Cór Discovery ag seoladh Tionscnamh Inimisce na Tríonóide

Seoladh an clár taighde inimisce is mó in Éirinn, Tionscnamh Inimisce na Tríonóide (TIT), clár ceithre bliana ar fhad, a thugann aghaidh ar na príomhúshláin inimisceacha in Éirinn agus a chabhraíonn le sochaí na hÉireann polasaithe a fhorbairt maidir leis na ceisteanna seo, i mí Eanáir 2007. Díreoidh an clár taighde ildisciplíneach ar na réimsí seo a leanas: fostaíocht, polasaí sóisialta, cultúr agus teanga agus soláthróidh sé pictiúr sonrach d'inimircigh ina gcónaí in Éirinn. Rianóidh sé a n-ardmhianta gairme, a n-imeascadh i bpobail Éireannacha, a riachtanais oideachais agus a gníomhaíochtaí cultúrtha agus creidimh.

Ionad Nua do Mhná i dTaighde Eolaíochta & Innealtóireachta

Sheol an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUasal Micheál Martin TD, Ionad nua Choláiste na Tríonóide do Mhná i dTaighde Eolaíochta agus Innealtóireachta (WISER) i mí na

Samhna 2006. Tá sé mar aidhm ag an ionad seo ionadú ban i dtaighde eolaíochta agus innealtóireachta in Éirinn a mhéadú. Léiríonn taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta nach bhfuil mná ag déanamh dul chun cinn ó thaobh gairme de sna réimsí eolaíochta agus innealtóireachta. Tá ionad nua Choláiste na Tríonóide ar cheann de thrí thionscadal náisiúnta nua maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann atá ag dul i ngleic leis an gceist seo.

Taighde Scannán & Teilifíse Éireannach Ar Líne

Seoladh tionscadal taighde nua de chuid Coláiste na Tríonóide, Taighde Scannán & Teilifíse Éireannach ar Líne, súiomh gréasáin atá deartha chun ilchineálacht leathan na n-ábhar taighde a bhaineann le scannáin agus clár teilifíse, chomh maith le léirithe closamhairc ar théama Éireannach a tháirgtear lasmuigh d'Éirinn, a bhailiú le chéile.

6.4 Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile

Comhpháirtíocht Chomhoibríoch Taighde Uile-Éireann idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliatha agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Síníodh comhpháirtíocht chomhoibríoch taighde uile-Éireann idir ollscoileanna sa Tuaisceart agus sa Deisceart – Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath – i mí Aibreáin 2007. Ba iad uachtaráin na dt trí ollscoil a shínigh é. Ag tógáil ar chomhaontú nua comhoibríoch a comhlíonadh idir an dá institiúid i mBaile Átha Cliath, shínigh propast Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Dr John Hegarty, agus Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, an Dr Hugh Brady, comhaontuithe comhoibríocha déthaobhacha le hUachtarán agus Leas-seansailéir Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, an tOllamh Peter Gregson i mBaile Átha Cliath. Déanfaidh na comhaontuithe seo comhoibriú in oideachas agus taighde idir na trí ollscoil a chur chun cinn agus a dhaingniú.

Líonra Bonneagair Thaighde Cliniciúil na hEorpa (LITCE)

D'fhógair Ionad Leighis Mhóilínigh Bhaile Átha Cliath (ILMB), comhoibriú idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht le Scoileanna Leighis Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, i mí Dheireadh Fómhair 2006 go ndeachaigh Líonra Bonneagair Thaighde Cliniciúil na hÉireann (LITCE), a bunaíodh le gairid, isteach le Líonra Bonneagair Thaighde Cliniciúil na hEorpa. Is ardán seachbhrabúsach é Cuibhreannas LITCE chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail taighde cliniciúil tras-Eorpacha.

Comhpháirtíocht Straitéiseach nua idir Coláiste na Tríonóide agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn

Tháinig Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn ar chomhaontú maidir le comhpháirtíocht straitéiseach taighde chomhoibríoch nua sa leigheas. Cuirfidh an comhaontú déthaobhach seo ar chumas na n-institiúidí líonraí comhoibríocha agus comhlántacha a thógáil sa mhíochaine. Baineann príomhfhócas na comhpháirtíochta tosaigh seo le taighde leighis agus bithleighis agus beidh comhoibriú i gceist leis i ngach réimse, mar shampla cnáimhseachas, bitheolaíocht chórais, trialacha cliniciúla agus fionnachtain drugaí, i measc réimsí eile.





GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007

Comhpháirtíocht sna Daonnachtaí agus i mBithinnealtóireacht idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Tháinig Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar chomhaontú maidir le comhpháirtíocht straitéiseach taighde chomhoibríoch nua sna daonnachtaí agus i mbithinnealtóireacht. Cuirfidh an comhaontú déthaobhach seo ar chumas na n-institiúidí líonraí comhoibríocha agus comhlántacha a thógáil. Baineann príomhfhócas an chomhoibríthe seo le taighde sna healaíona, sna daonnachtaí agus i réimsí staidéir shóisialta. Éascaíonn sé Dorcha Taighde a chruthú in Ealaíona agus Daonnachtaí idir an Oirthear agus an Iarthar in Éirinn, ag ceangal thionscnamh Mhol an tSeomra Fhada de chuid na Tríonóide le hInstitiúid de Móra um Thaighde sna Daonnachtaí agus sa Léann Sóisialta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tógann an pháirt eile den chomhaontú ar chomhpháirtíochtaí bithinnealtóireachta atá ann cheana idir an Ionad Náisiúnta um Eolaíocht Innealtóireachta Bithleighe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ionad Bithinnealtóireachta na Tríonóide.

6.5 Rath ar Thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide maidir le Scoláireachtaí agus Gradaim

Lean foireann na Tríonóide ar aghaidh ag baint sármhaitheasa amach i ngnóthachtáil taighde agus fuair siad gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta. I measc na ngradam a fuair baill den phobal taighde sa Choláiste bhí:

€22.7 milliún de mhaoiniú do chlár taighde Choláiste na Tríonóide faoi Chlár an Rialtais do Thaighde Tríú Leibhéal in Institiúidí Tríú Leibhéal – d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, Timthriall PRTL 4 i mí Lúnasa 2007. I measc na mbuaicphointí áirithe bhí maoiniú do na daonnachtaí chun tionscnamh Mhol an tSeomra Fhada a sheachadadh, maoinithe faoin gclár comhoibríoch 'Humanities Serving Irish Society', ar bronnadh €10.7 milliún air. Ba phríomhthairbhí eile é an tIonad um Thaighde ar Nainstruchtúir agus Nainfheistí Oiriúnaitheacha (CRANN) agus taighde naineolaíochta ar bronnadh €6.2 milliún air mar chuid den 'Nanoscience and Nano scale technologies for Ireland programme'.

Chláraigh Acadamh Ríoga na hÉireann cúigear scoláirí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar bhaill nua i 2007: an tOllamh Ruth Byrne, Leas-Phropast agus Ollamh le hEolaíocht Chognaíoch; an tOllamh Samson Shatashvili, Cathaoir na Fealsúnachta Nádúrtha agus Ceannaire Scoil na Matamaitice; an tOllamh Philip Lane, Ollamh le hEacnamaíocht Idirnáisiúnta agus Stiúthóir na hInstitiúide um Staidéir Chomhtháthú Idirnáisiúnta; agus Comhaltaí emeritus, an tOllamh John Bartlett, Scoil na Reiligiúin agus Diagachta agus an tOllamh Victor Dixon, an Roinn Staidéir Easpáinnigh.

Fuair an Dr Anil Kokaram, ón Roinn Innealtóireachta Leictreonaice agus Leictirí, 'Oscar' (Academy Award) ar son fhorbairt bogearraí na n-éifeacht fhisiceach don tionscal scannán ag searmanas an Academy of Motion Picture Arts and Science i Los Angeles le linn mhí Feabhra 2007.

I mí Feabhra 2007, bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann €2.5 milliún ar thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide chun leagan fríúil de Bhaile Átha Cliath a chruthú ar scála agus leibhéal réalachais nach bhfacthas riamh roimhe. Is tionscadal nua idirdhisciplíneach

é Metropolis, a chomhcheanglaíonn ríomhghrafaic, innealtóireacht agus taighde i néareolaíocht chognaíoch, ina gcruthóidh taighdeoirí cathair chruthanta insamhailte, ina mbeidh daoine in ann bogadh thart agus beith tumtha go hiomlán i mBaile Átha Cliath ríomhghinte.



An Dr Anil Kokaram lena 'Oscar'

Bhronn an tAontas Eorpach maoiniú de €1.2 milliún ar thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide i Scoil na Bithcheimice agus na hIomdhióneolaíochta i 2006 chun staidéar a dhéanamh ar conas a rialaíonn miteacoindrí meath néarach san inchinn. Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann €1.68 milliún ar fhoireann eolaithe, faoi cheannas an Dr Padraic Fallon i Scoil an Leighis, chun cóireálacha féideartha nua a fhorbairt do ghalair ailéirgeacha i mí Lúnasa 2007.

Beidh an tOllamh Michael Gill agus an Dr Louise Gallagher, ón Roinn Síciatrachta i Scoil an Leighis i gceannas ar Thionscadal Géanóm Uathachais Domhanda de luach €12 milliún. Fuarthas €5 mhiliún den mhaoiniú seo ón mBord Taighde Sláinte, chomh maith le €7 milliún eile ó eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta. Is é an tOllamh Gill an príomhchigire ar an tionscadal taighde domhanda agus tá trí chomhchigire aige: an Dr Louise Gallagher ó Choláiste na Tríonóide, agus an tOllamh Andrew Green agus an Dr Sean Ennis ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Glacfaidh na taighdeoirí Éireannacha páirt i gcuibhreannas idirnáisiúnta a bhfuil sé mar aidhm aige an géanóm a aimsiú a chúisíonn uathachas.

Toghadh an Dr Brian Lucey, Scoil an Ghnó, mar Stiúthóir Acadúil ar an Midwest Finance Association (MFA). Is é siúd an chéad scoláire nach bhfuil bunaithe sna Stáit Aontaithe a thogh baill an chumainn chuig an mbord, agus is é an t-aon scoláire é nach bhfuil bunaithe sna Stáit Aontaithe le bheith i seilbh oifige in aon chumann airgeadais bunaithe sna SA.

Tugann Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEE) maoiniú le haghaidh Chlár Gradaim Uachtarán na hÉireann do Thaighdeoir Óg chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ar ghlúin nua taighdeoirí ceannródaíocha i réimsí atá rithábhachtach do rath eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann. Fuair Coláiste na Tríonóide dhá cheann de na ceithre Ghradam a bronnadh le linn 2006. Beidh Coláiste na Tríonóide ag óstáil Cuairteoir ETS Walton chomh maith le linn 2007/08. Ina theannta sin, mhol FEE maoiniú do 45 iarratas



ar Chlár Theorainn Taighde 2007 ó Choláiste na Tríonóide. Clúdaíonn na cláir oibre seo raon disciplíní éagsúla.

I measc na ngradam ón mBord Taighde Sláinte a fuair taighdeoirí Choláiste na Tríonóide i 2006 bhí na scéimeanna seo a leanas: Comhaltachtaí Taighde do na Gairmeacha Teiripe; Deontais Tionscadail Thaighde; Comhaltachtaí Oiliúna sa Taighde Cliniciúil; Comhaltachtaí Taighde lardhochtúireachta; Comhaltachtaí Oiliúna don Taighde Cliniciúil san Altranais agus sa Chnámhseachas; agus Gradaim Thaighde Aistrithe.

Chuir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide isteach ar an mbabhta is déanaí maoiniúcháin ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, lena n-áirítear an Scoláireacht Dochtúireachta, Scoláireacht Mháistreachta agus scéimeanna Comhaltachta Taighde.

Ó bhí samhradh 2006 ann, thug Fiontraíocht Éireann maoiniú do 15 Thogra Cruthú Coincheap i gColáiste na Tríonóide. D'oibrigh daoine aonair nó grúpaí beaga ar thionscadail ghearra fheidhmeacha chun coincheap táirge a fhorbairt go dtí an chéim ina bhfuil bealach go tráchtálú le feiceáil.

Bronnadh ceithre Chomhaltacht Walsh ón eagraíocht Teagasc ar Choláiste na Tríonóide don chéad bhliain acadúil eile.

Bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí (IRCHSS) 26 as na 124 Scoláireacht larchéime ar an gColáiste. Chomh maith leis sin, fuair iarrthóirí Choláiste na Tríonóide deich gcinn as na 33 Comhaltacht lardhochtúireachta agus ceithre cinn as naoi gComhaltacht Fhéideartha Shinsearachta Taighde.

Bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht 13 Chomhaltacht lardhochtúireachta an Tionscnaimh Embark don Choláiste, as an iomlán de 55 a bhí ar fáil, agus 47 Scoláireacht Taighde larmhéime as an 180 a bhí ar fáil.

Roghnaíodh Grúpa Taighde Grafaice, Físe agus Amharléiríthe mar bhuaiteoir gradam Taighde Ollscoile Roinnte IBM. Tá an Coláiste ar cheann de dheich n-ollscoil ar fud an domhain, (dhá cheann san Eoraip), a bhuaigh deontas teicneolaíochta IBM Cell Broadband Engine. Úsáidfear an deontas chun taighde a dhéanamh ar theicneolaíocht do bheochan dhaonna sna tionscail físchluiche agus scannán.

Ina theannta sin, oibreoidh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar na tionscadail thaighde seo le foireann Chórais Bhogearraí ag Teacht Chun Cinn IBM atá bunaithe i Saotharlann Taighde Watson IBM. Tógfaidh an comhoibriú seo ceangail níos láidre idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide agus IBM, in Éirinn agus sna SA, ag ligean don dá pháirtí léargas a fháil ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, eolas ar threochtaí margaidh a mhalairt agus nuálaíocht a luathú i réimse na meán digiteach.

Bronnadh Léachtóireacht Bob Hay de chuid an Royal Society of Chemistry ar an Ollamh Thorfinnur Gunnlaugsson ag cruinniú bliantúil an UK Macrocycles and Supramolecular Chemistry Group. Is é seo an chéad uair a bronnadh an gradam seo ar dhuine a oibríonn lasmuigh den Ríocht Aontaithe.

Seoladh an t-aon iriseán ag speisialú in ábhair bhithleighis, The Journal of the Mechanical Behavior of Biomedical Materials, i mí Feabhra 2007. Is iriseán idirnáisiúnta, eolaíochta é agus beidh an tOllamh David Taylor, ó Scoil na hInnealtóireachta, ina ea-garthóir air.

7. Nuálaíocht agus Tráchtálú

7.1 Maoin Intleachtúil

Tá freagracht ar Thaighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide as aistriú eolais, ceapadh agus cosaint Mhaoin Intleachtúil san áireamh, margaíocht Mhaoin Intleachtúil, tráchtálú iarchonarthar d'aischur taighde, idirbheartaíocht agus forbairt ar chomhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara chun tráchtálú éifeachtach a chinntiú ar thorthaí taighde.

Chun caipitliú ar thorthaí taighde, caithfear an mhaoin intleachtúil a cheapadh agus a chosaint. Mar tháscaire ar rath an Choláiste sa réimse seo, chláraigh Coláiste na Tríonóide 28 iarratas paitinne agus d'eisigh sé roinnt ceadúnas tráchtála le linn 2006/07.

7.2 Comhoibriú idir an Ollscoil agus Tionscail

Tá fócas na Feadhnachta Taighde ar Néarmheathlú nua, feadhnacht taighde d'Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide agus Glaxo-Smithkline Beecham (2007-2012), ar ghalair a bhfuil gaol acu le haosú inchinne, go háirithe le galar Alzheimer. Tá sé beartaithe ag an bhFeadhnacht an t-eolas atá ag a fhoireann faoi bhunfheidhmiú na hinchinne a úsáid agus é a thabhairt isteach sa chlinic ar an mbealach is díric agus is gasta agus is féidir. Ba mhaith leis na taighdeoirí chomh maith fiosrú a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá leis na galair agus neamhoird seo, ag baint úsáide as a samhla uathúla agus speisialta saotharlainne, chun tuiscint a fháil ar cad a mhífheidhmiún san inchinn ag leibhéal na gceall agus líonraí ceall. Soláthróidh néareolaíocht an todhchaí cúram sláinte nua nuálaíoch agus tarlóidh seo mar thoradh ar chomhobair an chliniceora, an taighdeora saotharlainne agus tionscal. Tá forbairt na gcóireálacha leighis seo de dhíth ar an tsochaí agus tá roinnt den todhchaí sin sa chomhoibriú ceannródaíoch seo, a chruinníonn le chéile buanna agus saineolas ilchineálacha chun forbairt na gcóireálacha leighis seo a spreagadh.

7.3 Cuideachtaí an Champais

Bhronn an Dr John Hegarty, propast Choláiste na Tríonóide Duais Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide ar an Dr Chris Horn, ball de bhunaitheoirí IONA Technologies agus a leaschathaoirleach, ag Seimineár Fiontraíochta i gColáiste na Tríonóide i mí Mheán Fómhair 2007. Ainmníodh an Dr Horn as ceannasaíocht a dhéanamh ar chuideachta le táirgí nuálaíochta agus timpeallacht chruthaitheach a chruthú a chúisigh gur forbraíodh níos mó ná 20 cuideachta eile as IONA le 15 bliana anuas. Ba trí iar-léachtóir de chuid Choláiste na Tríonóide a bhunaigh IONA Technologies in Ionad Nuálaíochta TCD, a fuair tacaíocht ón Údarás Forbartha Tionscail. Tar éis a thréimhse tionscnaimh, fuair an fhoireann infheistíocht ó Sun Microsystems, bunaithe in California, agus seoladh an chuideachta tamall ina dhiaidh sin ar Stocmhalartán NASDAQ i Nua-Eabhrac.



7.4 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Tá Clár Oiliúna Fiontraíochta an Choláiste do thaighdeoirí iarchéime ina chúigiú bliain: tá baint ag níos mó ná 60 rannpháirtí as iarfiontraithe, eagraíochtaí stáit, tithe caipitil fiontair, príomhchigirí agus baill foirne an Choláiste le seachadadh an chláir seo. Ceapadh agus seachadadh leagan speisialaithe do Líonra Géanómaíocht Chothaitheach an Aontais Eorpaigh, NuGo, i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus chuir fiontraí ón mBreatain agus ón Eilvéis leis na ceardlanna. Chuaigh Coláiste na Tríonóide i gcomhpháirtíocht le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus le hOllscoil na hÉirann, Maigh Nuad, chun modúil phíolótacha SIF a ullmhú, le maoiniú ón Údarás um Ardoideachas, ar Fhiontraíocht d'iarchéimithe, bunaithe ar eispéireas an choláiste.

Bhuaigh Wesley Cooper, Scoil Staitisticí agus Ríomheolaíochta Chóláiste na Tríonóide, agus Alan Foy, Scoil an Ghnó, Coláiste na Tríonóide an Rannóg Coláiste Innealtóireachta den Chomórtas Ollscoile Domhanda Smaoineamh go Táirge ag University of Austin, Texas (SA) ar 11 Samhain 2006. Tháinig siad sa dara háit, tar éis Imperial College London sa chomórtas iomlán. Fuair siad urraíocht dá dtionscadal, Clear Deal, ó Chlár Fiontraíochta Chóláiste na Tríonóide ar Champas Teicneolaíochta agus Fiontraíochta TCD. Is córas uathoibríthe radhairc agus rianaithe é Clear Deal atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcluiche blackjack, ag cloí le rialúcháin casino stáit Nevada. Is comórtas idirnáisiúnta é I2PTM do thionscadail teicneolaíochta ag staid luath, roimh an gcéim phleanála gnó. Tugadh cuireadh do 16 fhoireann ollscoile as naoi dtír páirt a ghlacadh sa chomórtas i mbliana.

8. Clár um Fhorbairt Caipitil

I measc na bpríomhfhorbairtí caipitil le linn na bliana acadúla 2006-07 bhí críochnú an Ionaid Spóirt agus Institiúid Naughton, oscailt ar bhealach isteach coise nua ag Sráid an Phiarsaigh Thoir, athchóiriú Stáblaí Thigh an Phropaist chun Ionad Taighde Ealaíon Éireannach na Tríonóide a choinneáil, athchóiriú Beáir agus Caife an Buttery agus dul chun cinn ar phleanáil ar an bhforbairt Eolaíochtaí Bitheacha agus tráchtála atá beartaithe ar shuíomh An Post. Ina theannta sin, reáchtáladh réimse leathan de thionscadail eile, idir fheabhsúcháin a dhéanamh ar na páirceanna agus áiseanna a chruthú do thaighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

8.1 Tionscadail i gCrích

Ionad Taighde Ealaíon Éireannach na Tríonóide

Críochnaíodh an obair ar thionscadal €1.5 milliún chun na stáblaí in aice Theach an Phropaist a athchóiriú chun cóiríocht a chur ar fáil d'Ionad Taighde Ealaíon Éireannach na Tríonóide (TRIARC). Cuireann an tionscadal, a maoiníodh le deontas príobháideach, áit ar fáil d'áis nua taighde agus teagaisc, lena n-áirítear spás teagaisc/taispeántais, áit staidéir agus fo-sheirbhísí ag leibhéal na talún chomh maith le seomra léitheoireachta/cartlainne agus oifigí ar an gcéadurlár. Cuirtear cóiríocht ar fáil do chúigear ball foirne agus suas le 15 léitheoir, le spás seomra ranga ann do suas le 18 mac léinn.

Tionscadal an Choirnéil ThoirThuaidh

Cuireadh an tionscadal tógála is mó, agus, is dócha, is dúshlánaí sa Chóláiste – 'sé sin, an chéim dheireanach de thionscadal an Choirnéil ThoirThuaidh - i gcrích le linn shamhradh 2007. Bhí sé déanta suas de dhá pháirt – Institiúid Naughton agus an tIonad Spóirt.

An tIonad Spóirt



An Balla Dreapadóireachta

Tá an coimpléasc nua spóirt in úsáid ó bhí Aibreán 2007 ann. Chosain sé beagnach €30 milliún, agus soláthraíonn sé 6,500 m² de spás fóillíochta nua-aimseartha, a tógadh le sainchuspóir, ina bhfuil linn snámha atá 25m ar fhad le sé lána, agus sabhna agus seomra gaile tadhlaigh. Tá balla dreapadóireachta san fhoirgneamh chomh maith, a chlúdaíonn beagnach airde iomlán an fhoirgnimh ar thaobh Rae an Iarthair, agus is féidir é a fheiceáil ón tsráid trí aghaidh ghloine atá chomh hard leis an bhfoirgneamh féin chomh maith. Tá urlár saor sa linn snámha, rud a ligeann don doimhne a bheith athruithe chun freastal ar réimse leathan gníomhaíochtaí, idir cheachta bunleibhéil agus oiliúint scúba agus pólo uisce. I measc na n-áiseanna eile tá dhá halla spóirt, seomra folláine suntasach, stiúideo aeróbaice chomh maith le cóiríocht do chlubanna spóirt agus spásanna le haghaidh reifléacseolaíochta agus cóireálacha iomlánaíochta eile. Tá seomraí gléasta ardchaighdeán ar leith san fhoirgneamh do spóirt fhliucha agus thírime.

Institiúid Naughton

Is é seo an chéad institiúid taighde naineolaíochta sa tír a tógadh le sainchuspóir mar an tIonad Taighde ar Nainstruchtúir agus Nainfheistí Oiriúnaitheacha (CRANN), ar a dtugtar Institiúid Naughton mar aitheantas ar mhórdheontas a rinne an Dr Martin Naughton, Cathaoirleach an Glen Dimplex Group. Beidh 150 eolaí, teicneoir, agus céimí in áis den scoth san ionad seo agus cuirfidh sé an teicneolaíocht ar fáil dóibh atá de dhíth chun scrúdú a dhéanamh ar naineolaíocht.

Tá €21 milliún tugtha ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann don tionscadal go dtí seo, agus úsáideadh beagnach €10 milliún chun





GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007

gníomhaíocht taighde a mhaoiniú agus €11 milliún le haghaidh áiseanna saotharlainne speisialaithe, saor ó chreathanna, a thógáil. Táthar ag dréim go gcosnóidh sé €30 milliún, agus beidh taighdeoirí agus eolaithe san Institiúid in ann fearais agus teicnící a fhorbairt chun struchtúir agus feistí nua a thógáil adamh ar adamh, rud a ghineann deiseanna as cuimse do bheicneolaíocht, agus don teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.



Institiúid Naughton

Tá ionad nuálaíoch poiblí san fhoirgneamh chomh maith, an Gailearaí Eolaíochta, agus is é seo an chéad cheann dá leithéid ar domhan. Fuarthas cúnamh ó mhaoiniú stáit agus ó mhaoiniú príobháideach chun é a fheistiú agus a oibriú, agus beidh comhairliúchán ann idir an Gailearaí agus an pobal maidir le mórcheisteanna reatha agus sa todhchaí trí thaispeántais idirghníomhacha, ócáidí, plé agus díospóireachtaí. Tá sé beartaithe go n-oscloídh sé go luath i 2008.

D'oscail an bealach isteach coise nua ag Sráid an Phiarsaigh Thoir ar an 28 Márta 2007.

8.2 Tionscadail Tógála atá Beartaithe

Forbairt Eolaíochtaí Bitheacha

Tá an suíomh seo, atá idir Sráid Cumberland agus Sráid Sandwith agus atá in úsáid faoi láthair mar charrchlós dromchla, le hathfhorbairt chun forbairt mheasctha de spás acadúil agus tráchtála a chur ar fáil. Tá an fhorbairt faoi achomharc chuig An Bord Pleanála, agus cuireadh cinneadh siar go dtí tús 2008. I measc na n-áiseanna acadúla atá le bheith san fhorbairt seo tá Institiúid Eolaíochtaí Bitheacha le háiseanna tacaíochta agus cóiríocht bhreise le haghaidh an teagaisc tríú leibhéal agus taighde. I measc an spáis tráchtála beidh siopaí, cóiríocht oifige agus spás saotharlainne. Tá an fhorbairt in aice Stáisiún Traenach an Phiarsaigh agus tá bealach nua isteach sa Stáisiún ionchorpraithe sa dearadh. Tá an tionscadal sceidealaithe le tosú ar an suíomh go luath i 2008, ach cead pleanála a fháil.

Forbairt Shráid an Phiarsaigh

Is mar thoradh ar chomórtas ailtireachta idirnáisiúnta a reáchtáladh i 2002 atá plean an Choláiste d'athfhorbairt na bhfoirgneamh ar Shráid an Phiarsaigh. Tá an fhorbairt déanta

suas de straitéis chéimnithe forbartha d'fhoirgnimh nua ar an taobh thuaidh de pháirceanna spóirt an Choláiste agus athchóiriú ar thithe sraithe a coinníodh ón naoú céad déag ar theorainn thuaidh an Choláiste. Tá limistéar na forbartha críochnaithe beartaithe ag 18,400 m² (limistéar na bhfoirgneamh athchóirithe/coinnitithe de 4,400 m² san áireamh).

Soláthrófar an mhórchuid den chóiríocht in dhá fhoirgneamh nua a thógfar ar shuíomh ó thuaidh ón bPáirc Rugbaí. Beidh na foirgnimh seo ceangailte leis na tithe ar ardán Shráid an Phiarsaigh trí shiúlbealaí ag dhá leibhéal, agus tá na tithe seo le hathchóiriú chun cóiríocht chónaitheach a chur ar fáil ag na leibhéil arda. Úsáidfear na spásanna ag leibhéal na talún chun meascán de ghníomhaíochtaí fóillíochta agus acadúla a choinneáil, lena n-áirítear siopaí agus caifé a chuirfidh níos mó brí agus beatha i Shráid an Phiarsaigh.

Tá an chéad chéim den fhorbairt seo á phlé faoi láthair, chomh maith le hathchóiriú na seanáiseanna spóirt i Halla Luce go hionad nua Mac Léinn, rud atá comhsheasmhach le Plean Straitéiseach an Choláiste. Beidh ionad ócáide sa spás seo, chomh maith le spásanna sóisialta agus cóiríocht d'Aontas na Mac Léinn, cumainn na mac léinn agus roinnt seirbhísí tacaíochta do mhic léinn.

Ionad na Tríonóide, Ospidéal Thamhlachta, Céim 2

Fuarthas cead pleanála ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas do thógáil fhorbairt 5,000 m² in aice le hionad na Tríonóide atá ann cheana ag Ospidéal Thamhlachta. Táthar ag dréim go gcosnóidh an foirgneamh atá beartaithe €20 milliún. Cuirfidh sé críoch le cóiríocht an Choláiste don chlár céime Altranaís agus soláthróidh sé 4,000 m² de spás taighde.

Mol an tSeomra Fhada

Éascóidh tionscnamh Mhol an tSeomra Fhada forbairt straitéiseach an Choláiste de thaighde sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta trí níos mó úsáide a bhaint as sárbhailiúcháin taighde an Choláiste agus trí phobal scoláirí a chruthú ar fud réimse disciplíní. Féachfaidh sé le ceisteanna a fhreagairt maidir le féiniúlacht dhaonna i gcomhthéacsanna domhanda, ag díriú an fhuinnimh thaighde agus ar an dóigh seo ag cabhrú le poitéinseal cruthaitheach Choláiste na Tríonóide mar institiúid náisiúnta agus idirnáisiúnta a réadú.

Tá spás fisiceach riachtanach má táimid chun 'pobal beo scoláirí' a chruthú thart ar Mhol an tSeomra Fhada agus cabhrú i dtreo na sprice an líon mac léinn iarchéime a dhúbailt faoi 2012. Tá tús curtha le pleanáil ar thionscadal chun cóiríocht fhisiceach a chur ar fáil le haghaidh Seomra Léitheoireachta, Malairt Eolais, seomra físchomhdhála agus áit dhigitithe.

Ionad Nuálaíochta an Tionscail Tógála

Le tacaíocht fhlaithiúil an fhorbróra Bernard McNamara, bhunaigh Coláiste na Tríonóide Cathaoir Michael McNamara i Nuálaíocht Tógála agus tá sé ar intinn ag an gColáiste ionad a thógáil chun Ionad Taighde do Nuálaíocht Tógála a choinneáil, mar pháirt de dhearadh nua sainchuspóirthe don Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha agus Mheicniúil. Tá sé beartaithe go dtosóidh an obair dearaidh i 2008 le tréimhse tógála beartaithe ó 2009 – 2011.



8.3 Caomhnú Fuinnimh

Le linn na bliana acadúla 2006-07, d'úsáid Coláiste na Tríonóide níos mó ná 33 milliún kWh fuinnimh, níos mó ná 29 milliún kWh gáis nádúrtha agus beagnach 0.5 milliún m³ d'uisce. Tháinig costais na mbillí fónais go léir go beagnach €6 mhilliún don bhliain.

Tá baint ag an gColáiste le clár leanúnach caomhnaithe fuinnimh. Tá dhá chineál ann – spriocbhearta i bhfoirgnimh áirithe agus clár cumarsáide tréimhsiúil agus oideachas d'úsáideoirí na bhfoirgneamh. Bhunaigh an clár laghdaithe fuinnimh córas monatóireachta agus spriocaisithe d'fhoirgnimh áirithe agus ansin d'oibrigh sé chun an ídithe fuinnimh iontu a laghdú. Chlúdaigh an chéad chéim seacht bhfoirgneamh agus thaispeáin sé 7.2% de laghdú in ídiú fuinnimh ag deireadh an chláir i 2006. Léiríonn seo laghdú i ngás ceaptha teasa de 462 tona de CO₂. Cuireadh tús le Céim 2 le linn 2007 agus tugann sé aghaidh ar dheich bhfoirgneamh, leis an sprioc 10% de laghdú a bhaint amach thar thrí bliana.

Glacann TCD páirt sa Ghrúpa E3 le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is é a dhéanann an Grúpa seo, a fhaigheann tacaíocht ó Fhuinneamh Inbhuanaíthe Éireann, ná ceannach leictreachais agus gáis a chomhordú do na coláistí seo trí chóras tairiscintí iomaíocha ó sholáthraithe. Ina theannta sin comhordaíonn sé réimse de thionscadail spriocaisithe caomhnaithe fuinnimh sna Coláistí. Faightear an mhórchuid de leictreachas na Tríonóide ó Airtricity. Is bealach gasta costaséifeachtach é chun astuithe CO₂ a laghdú go substaintiúil ná soláthraí fuinnimh 'glas' dá leithéid a úsáid.

Siocair go bhfuil tionchar ag tosca domhanda atá lasmuigh de rialú áitiúil ar chostais fuinnimh, tá costais fónais ag méadú leo go leanúnach mar chéatadán de chaiteachas iomlán, in ainneoin na hoibre leanúnaí atá á dhéanamh ar chaomhnú fuinnimh. Mhéadaigh an costas aonaid leictreachais níos mó ná 46% le ceithre bliana anuas. Le trí bliana anuas, mhéadaigh costas aonaid gháis níos mó ná 200%. Is toisc eile a bhfuil tionchar aige ar chostais fónais ná coimpléascacht na bhfoirgneamh nua ar an gcampas, a bhfuil riachtanais níos mó acu ná mar a bhíonn ag formhór na bhfoirgneamh maidir le leictreachas agus fuarú. Tá seo le feiceáil go háirithe sna trí fhoirgneamh a tógadh le déanaí sa choirnéal Thoir Thuaidh.

9. Tiomsú Airgid

Braitheann todhchaí Choláiste na Tríonóide go príomhúil ar a fhoireann agus a mhic léinn, agus ar infheistíocht ina theagasc, ina thaighde, ina nuálaíocht agus ina fhor-rochtain. Tá maoiniú suntasach de dhíth má tá an Coláiste lena sheasamh a dhearbhuí i measc phríomhollscoileanna an domhain.

Chuíge seo, bailíonn Fondúireacht na Tríonóide airgead ó alumni agus ó chairde an Choláiste chun tacaíocht a thabhairt don Choláiste agus é ag díriú ar ról lárnach i gcabhrú le hÉirinn bheith mar an áit is táirgiúla chun aireageachta, oibríthe agus foghlama, agus an áit is sibhialta le bheith i do chónaí ann agus cur leis an tsochaí áitiúil agus dhomhanda.

Ní féidir leis an gColáiste brath ar mhaoiniú Stáit amháin – tá sé ríthábhachtach do thodhchaí Choláiste na Tríonóide go bhfaighfí tacaíocht phríobháideach. Idir 1 Deireadh Fómhair 2006 agus 30 Meán Fómhair 2007, fuarthas 331 milliún i ndeontais phríobháideacha. Is féidir tairbhe na tacaíochta príobháidí seo a fheiceáil ar fud an Choláiste, agus i measc bhuaicphointí na mbuntaistí seo tá:

Sláinte – daoine níos sláintiúla ina gcónaí i sochaí níos sláintiúla

- Ionad Sármaithis d'Aosú Rathúil ag Ospidéal San Séamas (maoiniú caipitil agus athfhillteach araon)
- Deichniúr ball nua foirne sa réimse Taighde ar Aosú, lena n-áirítear tacaíocht to TILDA – Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú

Rachmas – ag cruthú na n-uirlisí chun gilleagar nua a thógáil

- Ollúnacht amháin i Nuálaíocht Tógála
- Maoiniú caipitil agus athfhillteach don Ghailearaí Eolaíochta

Gaois – ag cothú na hintinne cruthaithí

- Léachtóir amháin i Stair Mheiriceá
- Maoiniú tithíochta agus oibríochta d'Ionad Taighde Ealaíon Éireannach na Tríonóide i Stáblaí athchóirithe an Phropaist
- Cuid mhór fáiltas leabharlainne

Muinín – smaoineamh straitéiseach chun tacaíocht a thabhairt do ról na hÉireann sa domhan

- Ollúnacht amháin in Airgeadas agus Forbairt Idirnáisiúnta agus Ollúnacht amháin i nGnó agus Forbairt Idirnáisiúnta (IIIS)

Rannpháirtíocht – saoránacht ghníomhach, cuimsiú sóisialta agus sochaí inbhuanaíthe

- Ceathrar taighdeoirí iardhochtúireachta agus sé staidéarachta PhD d'obair Choláiste na Tríonóide ar inimíre
- Dhá phost nua san National Institute of Intellectual Disability
- Níos mó ná 100 scoláireacht nua do mhic léinn do Chlár Rochtana na Tríonóide

Leanann alumni na Tríonóide ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don fheachtas Save the Treasures a thug maoiniú do chaomhnú níos mó ná 64,000 leabhar sa Seomra Fada.

Tá pleanáil ar siúl don chéad chéim eile i dtiomsú airgid an Choláiste. I measc na dtionscadal tosaíochta tá:

- Mórfhorbairt chaipitil – Foirgneamh na nEolaíochtaí Bitheacha ar Shráid an Phiarsaigh
- Athchóiriú an tSeomra Fada le háiseanna leathnaithe Taighde Daonnachtaí
- Foirgneamh nua do Scoil an Ghnó
- Bunú Ionad nua do Mhic Léinn

Tá ranníocaíocht Bhord Fhondúireacht na Tríonóide, a bhfuil an tUasal David Went ina chathaoirleach air, ag croílár rath tiomsú airgid an Choláiste. Tugann baill an bhoird a n-am, a n-ionchur straitéiseach agus a dtacaíocht airgeadais nach beag, as a bhfuil Coláiste na Tríonóide an-bhuíoch.



10. An Staid Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Mhaoiniúcháin don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007 ar bhonn comhchuibhithe don earnáil Ollscolaíochta in Éirinn agus comhlíonann siad Cuid 1 de cheanglais Acht na nOllscoileanna. D'eisigh iniúcháirí seachtracha an Choláiste, KPMG, tuairim iniúchta gan choinníoll ar na Ráitis Mhaoiniúcháin. Ní thuairiscíonn na Ráitis Mhaoiniúcháin ach ar an ngníomhaíocht deontais agus na conarthaí lárnacha teagaisc agus taighde sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais. Tuairiscíonn Cuid II ar gach gníomhaíocht de chuid an Choláiste (idir ghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde agus ghníomhaíochtaí féinmhaoiniúcháin) sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite de réir na gcaighdeán cuntasáiochta coitianta. Tá leagan amach Chuid II ar fionraí faoi láthair ar feithimh soiléiriú ón Údarás um Ard-Oideachas maidir leis an déileáil cuntasachta teicniúla ar dhliteanais phinsin.

B'ionann easnamh na bliana agus €2.1 milliún (Aguisín I) agus mar thoradh air sin mhéadaigh easnamh carntha an Choláiste go €8.86 milliún amhail 30 Meán Fómhair 2007 sna Ráitis Mhaoiniúcháin. Tá staid airgeadais an Choláiste ag éirí níos measa i gcónaí toisc go gcaithfear an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 (ACF(OTS)) a chomhlíonadh agus nach bhfuil aon mhaoiniú breise ar fáil don dualgas reachtaíochta seo ón Rialtas. B'ionann Glansócmhainní an Choláiste agus €643 milliún amhail an 30 Meán Fómhair 2007, mar a leagtar amach sa Chlár Comhardaithe (Aguisín II). Is méadú de €25 milliún é seo sa bhliain reatha. Mar an gcéanna le anuraidh, tá cistí pinsin earnáil na hOllscoile faoi réir plé leanúnach leis an Údarás um Ard-Oideachas maidir le rátaí ranníocaíochtaí, saincheisteanna ACF(OTS) agus ráthaíochtaí ón Stát. Tá sé rithábachtach go réiteofar an cheist seo chun gur féidir cinnteacht a bheith ann maidir le pleanáil airgeadais agus bainistíocht an Choláiste.

I gcodarsnacht leis an teagasc, tá an timpeallacht mhaoiniúcháin don taighde láidir agus is ionann gníomhaíocht na nDeontas Taighde agus na gConarthaí (léirithe faoi chaiteachas) agus €70.6 milliún don bhliain (Aguisín I), rud a léiríonn méadú suntasach ar 2005/06. Tá an ranníocaíocht le costais indíreacha ó ghníomhaíocht taighde, áfach, go fóill níos lú ná costas eacnamaíoch iomlán an taighde a óstáil. Ní féidir é seo a chothú.

Is cúis mhór imní go fóill é an staid airgeadais agus tá sé ag cúisiú dúshlán shuntasacha don Choláiste sna blianta amach romhainn. Is é ceann amháin de na dúshláin is mó an neamhchinnteacht a bhaineann le leibhéil mhaoiniúcháin sa todhchaí, go háirithe siocair táscairí a d'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas le déanaí maidir le tuilleadh laghdúithe réalaíochta i maoiniú lárnach Stáit sna blianta romhainn de bharr an mheatha atáthar ag dréim leis in airgead poiblí, in éineacht le cur i bhfeidhm iomlán Shamhail Mhaoiniúcháin nua an Údarais um Ard-Oideachas. Is meicníocht leithdháilte é an tsamhail seo don deontas lárnach, áit nach bhfuil aon rialú ar an aonad caighdeánach acmhainne agus ina dtiteann an maoiniúcháin in aghaidh an mhic léinn de réir mar a mhéadaíonn líon na mac léinn san earnáil. Mar a léiríodh anuraidh, tá an Coláiste i gcónaí faoi shríon airgeadais in éagmais bonnleibhéil mhaoiniúcháin agus maoiniú ilbhliantúil a mholann

Aguisín I: Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007

	2007 €'000	2006 €'000
Ioncam		
<i>Deontais ón Stát</i>	104,854	90,874
<i>Táillí na Mac Léinn</i>	76,039	69,848
<i>Ioncam Eile</i>	19,773	16,988
	200,666	177,710
<i>Deontais Taighde agus Tionscadail</i>	70,604	57,572
IOMLÁN	271,270	235,282
Caiteachas		
<i>Scoileanna Acadúla agus Oifigí Dáimhe</i>	104,833	97,244
<i>Sei Acadúla agus Eile rbhísí</i>	23,318	21,457
<i>Áitreabh</i>	27,232	25,166
<i>Méid leithdháilte chun críocha Caipitil</i>	5,847	-
<i>Riarachán Lárnach agus Seirbhísí</i>	15,726	15,080
<i>Caiteachas Ginearálta Oideachais</i>	8,530	7,850
<i>Seirbhísí na Mac Léinn</i>	5,214	5,005
<i>Caiteachas Ilghnéitheach</i>	9,795	8,079
	200,495	179,881
<i>Deontais Taighde agus Tionscadail</i>	72,961	60,525
IOMLÁN	273,456	240,406
(Easnamh) don bhliain	(2,186)	(5,124)





GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006-2007

ECFE, agus tá gá leis an dá cheann chun ardán daingean don phleanáil airgeadais a sholáthar d'institiúidí ardoideachais ar bhonn bliain ar bhliain. Ní thagann an laghdú atá ag tarlú, i bhfíorthéarmaí, ar mhaoiniú ón Stát, leis an sprioc eacnamaíocht eolasbhunaithe éifeachtach a chruthú a bhfuil Éire ar a dícheall a bhaint amach.

Gan amhras, chuaigh creimeadh leanúnach an mhaoiniúcháin lárnaigh, in éineacht le héifeacht an fháis ar thaighde gan gnóthú costas iomlán, i bhfeidhm go neamhfhachrach ar leas airgeadais an Choláiste, a chumas dul i ngleic le mór-rioscaí agus a ábaltacht infheistiú a dhéanamh go straitéiseach. Tá airgeadas an Choláiste anois ar rian atá ina bhagairt dá chobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach. Cibé scéal é, tá an Coláiste ag obair faoi láthair le Cumann Ollscoileanna na hÉireann chun straitéis agus creat maoiniúcháin a fhorbairt don eanáil, a chomhcheanglaíonn maoiniúcháin poiblí agus príobháideach ar bhealach inbhuanaithe.

11. Conclúid

D'fheidhmigh Coláiste na Tríonóide go maith sa tréimhse 2006/07, d'ainneoin na mbrúnna a bhain leis an timpeallacht dhúshlánach mhaoiniúcháin.

Is saincheisteanna nach bhfuil leigheas ag an gColáiste orthu a thiomáineann a bhonn costais. Cosúil le hollscoileanna eile in Éirinn, tá laghdú iarbhrí tagtha ar leibhéil mhaoiniúcháin ón Stát do phríomhghníomhaíochtaí, dá bharr seo. Níl sé seo ag teacht leis an sprioc a bhaineann le geilleagar éifeachtach eolasbhunaithe a dhaingniú a bhfuil Éire ar a dhícheall a bhaint amach.

D'ainneoin na ndeacrachtaí maoiniúcháin seo, tá an Coláiste ag phleanáil do thodhchaí rathúil. Tá spriocanna nua socraithe ag an gColáiste sa Tuairisc Chun Dáta ar an bPlean Straitéiseach 2006. Saináithnítear san athbhreithniú seo ar an bplean na crainn taca ó thaobh na gníomhaíochta taighde de ar a bhfuil clú an Choláiste bunaithe agus cuirfear leis seo. Daingníonn sé freisin na straitéisí a chinnteoidh go leanfaidh fochéimithe agus iarchéimithe leo ag baint amach oideachais den chéad scoth i réimsí acadúla a chuireann an Coláiste ar fáil, agus go leanfaidh siad ag cur le hEispéireas na Tríonóide agus ag glacadh páirte ann freisin.

Sin na huailmhianta atá ag an gColáiste de réir mar a thugann sé aghaidh mhuinéineach ar an todhchaí.

Aguisín II: Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007

Clár Comhardaithe Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007

	2007 €'000	2006 €'000
Sócmhainní Seasta	675,731	639,004
Sócmhainní Airgeadais	92	112
Sócmhainní Reatha		
<i>larmhéideanna Bainc agus Airgid Thirim</i>	149,521	103,874
<i>Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí</i>	62,050	86,448
<i>Stoic</i>	314	455
	211,885	190,777
Dlíteanais Reatha		
<i>Creidiúnaithe agus caiteachas carntha</i>	(188,938)	(157,605)
<i>larmhéideanna Bainc</i>	(1,443)	(217)
	(190,381)	(157,822)
Glansócmhainní Reatha	21,504	32,955
Dlíteanais Fhadtéarmacha		
<i>Creidiúnaithe dlite tar éis bliana</i>	(53,905)	(53,290)
	643,422	618,781
Léirithe ag:		
<i>Cúlchiste Ginearálta</i>	652,258	625,422
<i>Infheistíochtaí</i>	25	34
<i>Cúlchiste Ioncaim</i>	(8,861)	(6,675)
	643,422	618,781



WWW.TCD.IE